
## Tástáil: Barrachairt

**Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach "Tástáil: Barrachairt" ar CD an dalta.**

| Modhanna Iompair | Siúl | Bus | Rothar | Traein | Carr | Capall |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na ndaltaí | 2 | 13 | 5 | 3 | 0 | 0 |




1. Cé mhéad dalta sa rang?
   A. 6

   B. 23

2. Cé mhéad dalta a rothaigh ar scoil?
   A. 5

   B. 4

3. Cé acu modh taistil ba choitianta?
   A. Bus

   B. Car

4. Cé na modhanna taistil is lú a úsáideadh?
   A. Siúl agus traein.

   B. Carr agus capall.

 © Foireann Fhorbartha Thionscadal Mata

5. Má bhí triúr as an rang deireanach agus má rothaigh an triúr sin ar scoil, cé mhéad dalta ansin a bheadh ag rothaíocht ar scoil?
   A. 3

   B. 8

6. Má tháinig beirt daltaí nua an tseachtain dár gcionn, agus más i gcarr a tháinig siad, cé mhéad dalta ar fad a bheadh sa rang ansin, na daltaí a bhí deireanach san áireamh?
   A. 28

   B. 27

7. Cén tionchar a bheadh ag drochaimsir ar na figiúirí seo?
   A. Shiúlfadh níos mó daoine.

   B. Shiúlfadh níos lú daoine nó rachadh níos lú daoine ar rothar, agus rachadh níos mó daoine sa charr, ar an traein nó ar an mbus.

8. Dá mbeadh cailín amháin, a shiúlann ar scoil de ghnáth, as láthair an lá sin, cén tionchar a bheadh aige sin ar an gcairt?
   A. Thiocfadh ísliú de 1 ar airde gach barra.

   B. Thiocfadh ísliú de 1 ar airde an bharra siúil. .

9. Cén tionchar a bheadh ag stailc breosla ar an gcairt?

   A. Shiúlfadh níos mó daoine nó bheadh níos mó daoine ar an rothar.

   B. Thiocfadh níos mó daoine ar an mbus seachas sa charr.

10. Dá mba i gcathair ina raibh sárchóras iompair phoiblí a bailíodh na sonraí, cén tionchar a bheadh aige sin ar líon na ndaoine a d’úsáid an carr?
   A. D’úsáidfeadh níos mó daoine carranna.

   B. D’úsáidfeadh níos lú daoine carranna.

11. Dá mba i scoil sa chathair a rinneadh an suirbhé, áit a mbeadh formhór na ndaltaí ina gcónaí go háitiúil, cén t-athrú a mbeifeá ag súil leis ar líon na ndaltaí a d’úsáid an bus?
   A. Níos mó

   B. Níos lú, mar go mbeadh siad ag siúl.